# R4

## FÓGRA SAMPLACH DO NA MEÁIN

Féadfaidh scoileanna é seo a úsáid mar theimpléad le seoladh mar r-phost, le cur suas ar láithreán na scoilear na meáin shóisialta nó le tabhairt do na meáin. D'fhéadfadh sé go laghdófaí líon na nglaonna agus na gcuairteanna ar an scoil ó na meáin dá bharr.

I gcúinsí áirithe ní cuí ainmneacha ná eolas a thabhairt sa ráiteas a d'fhéadfaí a úsáid le daoine aonair aaithint.

Beidh sé riachtanach an fógra seo a leasú ag brath ar shaincheisteanna rúndachta, ar mhianta theaghlach aníospartaigh agus ar an gcineál teagmhais a bhí i gceist.

*(Ainm)* is ainm dom agus is mise príomhoide Scoil *(Ainm)*. Fuaireamar an drochscéala ar maidin inniu faoi bhás *(duine dár gcuid daltaí nó ainm an dalta)*. Is uafásach an tragóid é seo don teaghlach/do na teaghlaigh, dár scoil agus dár bpobal ar fad. Goilleann an méid a tharla go mór orainn. Cuirimid ár gcomhbhrón in iúl do mhuintir *(Ainm)* agus dá gcairde agus tá siad inár smaointe.

(Buachaill sa 5ú bliain) ab ea *(ainm an dalta/na ndaltaí)* agus aireoidh na daoine ar fad a raibh aithne acu air uathu é.

Bhíomar i dteagmháil lena thuismitheoirí agus d'iarr siad orainn bheith tuisceanach faoina bpríobháideacht sa tréimhse dheacair seo.

Is iomaí duine a thairg tacaíocht agus táimid an-bhuíoch díbh. Tá Plean Bainistíochta Teagmhais Chriticiúil curtha i bhfeidhm ag an scoil.

Tá an lá caite ag síceolaithe de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus *(cuir isteach eolas eile más cuí)* linn agus iad ag tabhairt tacaíochta dúinn agus ag cur comhairle ar mhúinteoirí sna hiarrachtaí atá á ndéanamh acu cúnamh a thabhairt dár ndaltaí ag an tráth seo.

Tá múinteoirí ag cabhrú le daltaí déileáil leis an tragóid seo.

Tá an scoil ag cur fáilte roimh thuismitheoirí ionas go bhféadfaimid tacú leo, comhairle a chur orthu agus treoir a thabhairt dóibh.

Iarraimid oraibh bheith tuisceanach faoinár bpríobháideacht ag an am seo. Go raibh maith agaibh.